CINNEADH Uimh. 134/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 8 Bealtaine 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2031]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1906 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 chun nuashonrú a dhéanamh ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long a bhunaítear de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 32fhd (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"— **32018 D1906**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1906 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2018 (IO L 310, 6.12.2018, lch. 2)."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1906 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

([1]) IO L 310, 6.12.2018, lch. 29.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.